# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2014

# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Stiúrthóra | 3 |
| Misean | 4 |
| Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 4 |
| Saincheisteanna Suntasacha | 6 |
| Samplaí arna bhfáil le haghaidh Anailíse | 7 |
| An Clár um Alcól san Fhuil agus san Fhual | 7 |
| An Clár um Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual | 12 |
| An Clár um Alcól san Anáil | 18 |
| Finné Gairmiúil | 21 |
| Dearbhú Cáilíochta | 22 |
| Faisnéis Airgeadais | 22 |
| Rialachas Corparáideach | 22 |
| Saoráil Faisnéise | 26 |
| Soláthar Foirne | 26 |
| Comhdhálacha, Oiliúint & Láithreoireachtaí Seimineáir | 28 |
| Ídiú Fuinnimh | 31 |
| Séanadh Dlíthiúil | 32 |

# Réamhrá an Stiúrthóra

Tá áthas orm an réamhrá seo a scríobh le Tuarascáil Bhliantúil 2014 de chuid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena dtugtar roinnt de na forbairtí sa bhliain chun suntais. Leagtar amach achoimre leis an tuarascáil seo de ghníomhaíochtaí agus d'fheidhmíocht an Bhiúró agus an ról ríthábhachtach atá aige i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Ceadaíodh leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2014 go dtógfaí samplaí fola ó thiománaithe éagumasacha agus bhí an Biúró ina shocair in éineacht le Comhlachtaí eile le treoirlínte a eisiúint do Dhochtúirí, Altraí agus Gardaí maidir le samplaí a thógáil. Tháinig an fhoráil seo i bhfeidhm i mí na Samhna 2014.

Is é an rud eile a cuireadh chun feidhme freisin i mí na Samhna 2014 ná tástáil um lagú de thairbhe substaint mheisciúil cois bóthair ar thiománaithe dá ndéantar foráil freisin san Acht 2014. Rinne an Biúró i gcomhar lena chomhpháirtithe i Scoil na Míochaine ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus an Garda Síochána oiliúnóirí an Gharda a oiliúint trí bhíthin cúrsa oiliúna deimhnithe iarchéime agus rinne siadsan ar a seal féin baill an Gharda a oiliúint chun an tástáil um lagú cois bóthair seo a dhéanamh agus í ag tosú i mí na Samhna 2014.

Lean an Biúró lena phríomhról comhtháite leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Garda Síochána maidir le tástáil ceimiceán cois bóthair le haghaidh drugaí a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme. Tá measúnú eolaíoch mionsonraithe ar ghairis cois bóthair, ar fhorbairt modhanna saotharlainne coimhdeacha agus ar bhailíochtú atá oiriúnach chun na críche sin ar siúl go leanúnach tar éis an phróisis tairisceana oscailte a foilsíodh i Lúnasa 2014. Leanfar leo siúd ar aghaidh go 2015 nuair atáthar ag súil le forálacha reachtaíochta breise.

Leanadh le hobair ar feadh 2014 ar réamhthástáil drugaí nua lena ndéanfar cineál agus líon na ndrugaí lagaithe a leathnú a bhfuil an Biúró in ann tástáil a dhéanamh ina leith. Rinne an Biúró líon na n-anailísí deimhniúcháin a chuirtear chun feidhme a fhairsingiú freisin agus rinneadh an modh tástála le haghaidh beinsidhé-asaipíní san fhuil a bhailíochtú faoi dheireadh 2014 ionas go mbeadh sé réidh le haghaidh úsáid oibríochtúil in 2015. Ciallaíonn sé sin go ndéanann an Biúró beagnach 90% den anailís deimhniúcháin anois ag an áitreabh dá chuid ag campas COBÁC.

Cuireadh tús le hullmhúcháin chun gairis réamhthástála anála cois bóthair atá ann cheana a athsholáthar agus beidh an clár seo ina ghníomhaíocht mhór don Bhiúró in 2015 agus ar aghaidh go 2016. Lean an Biúró le cúrsaí oiliúna d'oibreoirí agus do mhaoirseoirí a sholáthar i gcomhar leis an nGarda Síochána maidir leis na 86 ionstraim Evidenzer IRL i stáisiúin an Gharda Síochána agus rinneadh 14 chúrsa dá leithéid a thionól i rith 2014.

In 2014 b'ionann an líon iomlán de shamplaí a glacadh agus a anailísíodh maidir le halcól san fhuil, san fhual agus san anáil agus 9,358. Leanann an Biúró le hobair a dhéanamh i gcomhar le ranna an Rialtais agus le húdaráis phoiblí agus leis an bpobal a úsáideann na bóithre freisin d'fhonn a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh faoi na hAchtanna um Shábháilteacht ar Bhóithre agus d'fhonn a ról a chomhlíonadh mar an phríomhghníomhaireacht nó gníomhaireacht tacaíochta i Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre.

***An tOllamh Denis A. Cusack,***
***Stiúrthóir.***

## Misean

Is é Misean an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre seirbhís fhóiréinseach náisiúnta ardchaighdeáin a sholáthar maidir le halcól/drugaí (substaint mheisciúil) a bhrath mar thaca le hoibriú éifeachtach na reachtaíochta um shábháilteacht ar bhóithre.

## Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tá sé de fhreagracht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tástáil ceimiceán a dhéanamh ar shubstaintí mheisciúla maidir le tiomáint in Éirinn, atá ina chomhlacht corparáideach a bunaíodh i mí na Samhna 1968 ag an Aire Rialtais Áitiúil faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire go dtí an Aire Comhshaoil & Rialtais Áitiúil an 22 Iúil 1997. I Meitheamh 2002 tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Aire Iompair faoin Ord um Aistriú Riaracháin Roinne agus Feidhmeanna Aire 2002.

Leagtar feidhmeanna an Bhiúró síos sna hAchtanna um Shábháilteacht ar Bhóithre 1968 –2010 agus sna rialacháin lena mbaineann agus tá an méid a leanas san áireamh leo:

- Samplaí fola agus fuail a ghlacadh agus a anailísiú le haghaidh substaintí meisciúla arna gcur ar aghaidh chuig an mBiúró.
- Deimhnithe na hanailíse a eisiúint.
- Trealamh a sholáthar le haghaidh samplaí fola agus fuail a thógáil nó a sholáthar.
- Trealamh nó gaireas a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil le haghaidh láithreacht alcóil san anáil a léiriú.
- Trealamh nó gaireas a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil le haghaidh tiúchan alcóil san anáil a dhearbhú.
- Taighde ar ólachán agus ar dhrugaí maidir le tiomáint, lena n-áirítear na modhanna chun méid an alcóil nó drugaí a dhearbhú i gcoirp duine agus an eipidéimeolaíocht maidir le tiomáint faoi thionchar substaintí meisciúla.

Nuair a bunaíodh an Biúró i 1968 thosaigh sé ag feidhmiú maidir le Tástáil le haghaidh Alcóil Cois Bóthair, Anailís le haghaidh Alcóil san Fhuil agus an Fhual, Eisiúint Deimhnithe agus trealamh a sholáthar le haghaidh samplaí a thógáil (Pacaí). Ón am sin rinneadh roinnt athruithe reachtacha amhail tástáil fhianaiseach ar alcól san anáil a thabhairt isteach, tiomáint faoi thionchar drugaí (DUID), samplaí arna gcur ar fáil in ospidéil, samplaí arna dtógáil ó thiománaithe a bhí rannpháirteach in imbhuailtí agus tástáil éigeantach le haghaidh alcóil. Bhí ar an mBiúró gach gné dá chuid oibre a fhairsingiú agus a fhorbairt agus ag an am céanna ag díriú ar a chuid freagrachtaí dlíthiúla de réir mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (RTA) agus de réir Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre. Faoi láthair tá roinnt

clár agus seirbhísí ag feidhmiú ag an mBiúró agus is ionann iad agus: Anailís ar Alcól san Fhuil agus san Fhual; Anailís ar Alcól san Anáil; Anailís ar Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual; Taighde – Tiomáint faoi thionchar Substaintí Meisciúla; Finné Saineolaíoch Gairmiúil; Corparáideach/Airgeadas agus Dearbhú Cáilíochta.

Tá an Stiúrthóir freagrach as reáchtáil laethúil an Bhiúró. Tá an tArd-Anailísí, an tUasal H. Kearns freagrach as reáchtáil laethúil na saotharlann agus na gclár dá gcuid agus tá an Riarthóir Sinsearach, an tUasal T. Clarke freagrach as an gclár Corparáideach/Airgeadais agus as riarachán foriomlán laistigh den Bhiúró. Tá clárbhainisteoir ag gach clár atá ina P(h)ríomh-Anailísí. Tá Bainisteoir Cáilíochta ceaptha ag an mBiúró. (féach an chairt eagraíochta).

Oibríonn an Biúró i dtimpeallacht eolas-bhunaithe agus bíonn sé ag brath ar an dtimpeallacht sin agus rinne sé a sheacht ndícheall i gcónaí chun coinneáil cothrom le dáta le teicneolaíocht agus na modhanna anailísithe is fearr a úsáid. Choinnigh sé suas le nuáil na hionstraimíochta sa réimse a bhaineann le halcól agus drugaí araon a bhrath agus ionstraimí oiriúnacha á n-eisiúint aige chun tástáil fhianaiseach ar anáil a dhéanamh i Stáisiúin roghnaithe an Gharda Síochána mar aon le gairis oiriúnacha le haghaidh tástáil ar alcól san anáil a dhéanamh cois bóthair.

Ó bunaíodh an Biúró cothaíodh cáil ina leith maidir le macántacht fhóiréinseach den leibhéal is airde agus bhí sé in ann níos mó ná daichead bliain d'eolas agus de thaithí a dháileadh don fhoireann dá chuid, do chliaint agus do pháirtithe ábhartha eile trí bhíthin oideachais, oiliúna agus comhairle. Is é ceann de na fachtóirí rannchuiditheacha príomhúla maidir le hoibriú an Bhiúró agus baill oilte na foirne dá chuid atá fostaithe sa Bhiúró.

Soláthraíonn an Biúró seirbhís don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, do na Cúirteanna, don Gharda Síochána agus do dhlíodóirí cosanta agus ionchúisimh araon agus don phobal.

## Saincheisteanna Suntasacha le linn 2014

***Dearbhú Cáilíochta***

Rinneadh creidiúnú ISO 17025 a choimeád in 2014 maidir leis na tástálacha a leanas.

- Anailís ar Alcól san Fhuil agus san Fhual
- Tástáil Fhianaiseach ar Anáil
- Réamhthástáil ar Anáil
- Réamhthástáil le haghaidh Drugaí
- Cannabas san Fhuil agus San Fhual
- Beinsidhé-asaipín san Fhual

***An Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 - 2020***

Dul chun cinn maidir le réimsí freagrachta laistigh de Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre

***Réamhthástáil le haghaidh Alcól san Fhuil***

Lean an Biúró le tacaíocht a thabhairt maidir le níos mó ná 1,000 gaireas Draeger 6510 a cuireadh ar fáil don Gharda in 2014.

***Tástáil Fhianaiseach ar Alcól san Anáil***

Lean an Biúró le tacaíocht a thabhairt maidir le glúin nua d'ionstraimí i Stáisiúin an Gharda Síochána ar fud na tíre agus sholáthair sé cúrsaí oiliúna nua le haghaidh Oibreoirí agus Maoirseoirí.

***Tástáil Ceimiceán ar Dhrugaí Cois Bóthair***

D'fhoilsigh an Biúró an tairiscint maidir le gairis um Thástáil Ceimiceán ar Dhrugaí Cois Bóthair agus chuir sé tús le measúnú ar na hiarratais ar an tairiscint. Lean an Grúpa Feidhmithe le cumarsáidí le linn na bliana. Cuireadh tús leis an measúnú eolaíochta in 2014 agus cloígh sé leis an bhfráma ama a bhí beartaithe.

***Réamhthástáil le haghaidh Drugaí***

Lean an Biúró le modh nua um réamhthástáil le haghaidh drugaí a fhorbairt agus LC-MS-MS á úsáid le haghaidh drugaí a anailísiú arna dtástáil leis an gcóras reatha chomh maith le cásanna breise.

***Sreabhán Béil***

Bhunaigh an Biúró saotharlann le haghaidh sreabhán béil a thástáil agus d'fhorbair sé agus rinne sé modhanna GC-MS-MS agus LC-MS-MS a bhailíochtú le haghaidh THC (Cannabas), cócaon, codlaidínigh agus Beinsidhé-asaipíní i sreabhán béil a anailísiú mar chuid de na hullmhúcháin le haghaidh córais um Thástáil Ceimiceán le haghaidh Drugaí Cois Bóthair a mheasúnú.

## Samplaí arna bhfáil le haghaidh Anailíse

In 2014 rinneadh líon iomlán de 8,200 samplaí fola, fuail agus anála a anailísiú maidir le tiúchan alcóil. Bhí laghdú i líon na samplaí fola agus fuail a anailísíodh le linn 2014. Agus samplaí anála san áireamh, bhí laghdú foriomlán de 5.8% ó líon iomlán na samplaí a anailísíodh in 2013. Rinneadh 1,158 samplaí a anailísiú maidir le láithreacht drugaí agus is ionann sin agus laghdú 6.9% ó 2013.

**Tábla 1**

**Lion Iomlán na Samplaí arna bhFáil laistigh de Chláir**

| Clár | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Alcól san Fhuil agus san Fhual** | **2,934** | **3,310** |
| **Tocsaineolaíocht um Fhuil agus Fual** | **1,158** | **1,238** |
| **Tástáil Fhianaiseach ar Anáil** | **5,266** | **4,991** |

## An Clár um Alcól san Fhuil agus san Fhual

Bhí an rannóg seo faoi cheannas an Ard-Anailísí, an tUasal H. Kearns (an tArd-Anailísí ó Mheán Fómhair 2014). San áireamh le príomhfheidhmeanna an chláir seo tá an méid a leanas:

- Samplaí fola agus fuail a ghlacadh agus a anailísiú arna gcur ar aghaidh chuig an mBiúró
- Tiúchan alcóil a dhearbhú san fhuil agus san fhual maidir lena leithéid de shamplaí
- Deimhnithe na hanailíse a eisiúint
- Trealamh (Pacaí) a sholáthar le haghaidh a leithéid de shamplaí a thógáil
- Samplaí bréagacha a thástáil
- Cúnamh saineolaíoch a sholáthar do na Cúirteanna agus don DTTAS (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)
- Sonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le tástálacha le haghaidh alcóil



***Pacaí Fola agus Fuail a Sholáthar***
Lean an Biúró le pacaí a ullmhú le haghaidh samplaí a sholáthar agus rinne sé 1,700 pacaí fola agus 2,200 pacaí fuail a tháirgeadh in 2014. Rinneadh pacaí a eisiúint don Gharda Síochána de réir riachtanais (eisíodh 5,500 pacaí).

***Anailís ar Shamplaí Fola agus Fuail***
Déantar samplaí fola agus fuail a anailísiú agus Crómatagrafaíocht Gháis Idirspáis á húsáid le Brath Ianúcháin Lasrach (HSGC-FID). Déantar gach sampla a anailísiú dhá uair ar a laghad ag beirt eolaithe agus iad ag baint úsáid as dhá chóras HSGC-FID éagsúla. Ní foláir nó go mbíonn na torthaí aontaitheach sula ndéantar Deimhniú Anailíse a eisiúint.

Fuarthas líon iomlán de 2,934 samplaí fola agus fuail le haghaidh anailísithe le linn 2014. Rinneadh anailísí a chur chun feidhme agus deimhnithe a eisiúint i 2,858 de na cásanna sin. Maidir le 76 chás (2.6%) ní dhearnadh deimhnithe a eisiúint mar gheall ar fhabht éigin sa sampla nó sa doiciméadúchán a bhí á thionlacan. Seo feabhas ar ráta neamhthuairiscithe 2013 de 3.5%. Léirítear laghdú 11% le líon na samplaí fola agus fuail a fuarthas in 2014 ón líon a fuarthas in 2013.

***Líon na Samplaí arna gCur ar Fáil in Ospidéil***
In 2014 cuireadh 481 sampla ar fáil in ospidéil, agus is ionann sin agus 16.4% de líon iomlán na samplaí Fola agus Fuail. Bhí tiúchan alcóil níos mó ná 150mg/100ml i 17.9% de na samplaí sin agus bhí tiúchan alcóil níos mó ná 200 mg/100ml fuail i gceist le 2.9% acu. Bhí níos mó ná 200mg/100ml fola i gceist le 6.7% acu agus bhí níos mó ná 267/100ml fuail i gceist le 0.6% acu.

***Meánleibhéal Alcóil san Fhuil agus san Fhual***
B'ionann an meánleibhéal alcóil san fhuil agus 104mg/100ml agus maidir le fual b'ionann é agus 123mg/100ml le haghaidh 2014, i gcomparáid leis an meánleibhéal alcóil san fhuil de 120mg/100ml agus san fhual de 137mg/100ml le haghaidh 2013.

***Anailís Ama***
As an líon iomlán de shamplaí fola agus fuail a fuarthas cuireadh 66.3% díobh ar fáil idir na huaireanta 9:00 i.n. agus 6:00 r.n., cuireadh 16% díobh ar fáil idir 4:00 i.n. agus 9:00 i.n., agus cuireadh an chuid eile de 17.3% ar fáil idir 6:00 r.n. agus 4:00 i.n. Leanann sé sin patrún cosúil in 2013 agus 2012.

***Dhá Oiread Thar an Teorainn de 50mg/100ml (Fuil) nó de 67mg/100ml (Fual)***
Le linn 2014 rinneadh 1,505 samplaí a dheimhniú a bhí dhá oiread nó níos mó thar na teorainneacha sin. Is ionann an figiúr sin agus 52.7% de líon iomlán na samplaí a deimhníodh.

***Inscne maidir le Samplaí Fola agus Fuail***
Chonacthas patrún cosúil sa chóimheas fireannach/baininscneach in 2014 i gcomparáid le 2013.

**<u>Tábla 2</u>**

**INSCNE NA SAMPLAÍ – Anailís ar Alcóil san Fhuil agus san Fhual**

| Inscne | 2014 | | 2013 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| Fir | 2,377 | 81.0% | 2,665 | 80.5% |
| Mná | 521 | 17.8% | 606 | 18.3% |
| Ní Luaitear | 36 | 1.2% | 39 | 1.2% |

**Tábla 3**

**Próifíl Aoise na Samplaí - Anailís ar Alcóil san Fhuil agus san Fhual**

| Próifíl Aoise | 2014 Líon | 2014 (%) | 2013 Líon | 2013 (%) |
|---|---|---|---|---|
| ≤ 24 | 710 | 24.2% | 844 | 25.5% |
| 25 – 44 | 1,424 | 48.5% | 1,557 | 47.0% |
| 45 – 54 | 361 | 12.3% | 454 | 13.7% |
| ≥55 | 412 | 14.0% | 428 | 13.0% |
| Ní Luaitear | 27 | 0.9% | 27 | 0.8% |

**TÁBLA 4**

**Leibhéal Deimhnithe Alcóil san Fhuil – Comparáid leis an mBliain Roimhe**

| Mg. Alcóil in aghaidh 100ml Fola | 2014 Líon | 2014 (%) | 2013 Líon | 2013 (%) |
|---|---|---|---|---|
| 0 – 20 | 499 | 29.6% | 465 | 25.3% |
| 21 – 50 | 90 | 5.3% | 83 | 4.5% |
| 51 – 80 | 99 | 5.9% | 124 | 6.7% |
| 0 - 80 | 688 | | 672 | |
| 81 - 100 | 105 | 6.2% | 96 | 5.2% |
| 101 - 150 | 300 | 17.8% | 315 | 17.2% |
| 151 - 200 | 362 | 21.4% | 342 | 18.6% |
| 201 & Níos Mó | 231 | 13.7% | 414 | 22.5% |

**TÁBLA 5**


**Leibhéal Deimhnithe Alcóil san Fhual – Comparáid leis an mBliain Roimhe**

| Mg. Alcóil in aghaidh 100ml Fuail | 2014 | | 2013 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| 0 – 27 | 380 | 30.5% | 378 | 27.9% |
| 28 – 67 | 80 | 6.4% | 87 | 6.4% |
| 68 - 107 | 99 | 7.9% | 107 | 7.9% |
| 0 - 107 | 559 | | 572 | |
| 108 – 135 | 89 | 7.1% | 93 | 6.9% |
| 136 - 200 | 249 | 20.0% | 233 | 17.2% |
| 201 – 267 | 256 | 20.5% | 281 | 20.7% |
| 268 & Níos Mó | 93 | 7.5% | 177 | 13.0% |

## An Clár um Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual

Tá an clár seo faoi cheannas an Phríomh-Anailísí, an Dr. R. Maguire. Is iad príomhfheidhmeanna an chláir seo:

- Samplaí fola agus fuail a fháil agus a anailísiú arna gcur ar aghaidh chuig an mBiúró nuair a rinneadh ráiteas EBT (tástáil fhianaiseach ar anáil) a eisiúint cheana. Druga nó drugaí a dhearbhú, maidir leis na samplaí sin, san fhuil nó san fhual (más ann dóibh).
- Deimhnithe anailíse a eisiúint
- Cúnamh saineolaíoch a sholáthar do na Cúirteanna agus don DTTAS
- Sonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le tástálacha tocsaineolaíochta
- Tástáil le haghaidh drugaí cois bóthair a fhorbairt
- Modhanna Tástála nua le haghaidh Drugaí a fhorbairt.




***Réamhanailís***

Déanann an Biúró gach sampla fola agus fuail a anailísiú, a dhéantar a aimsiú i dtaca le teorainn le haghaidh alcóil, maidir le láithreacht seacht n-aicme éagsúla de dhruga nó drugaí. Tá an Garda Síochána ábalta anailísí le haghaidh drugaí a iarraidh freisin ar shamplaí lena mbaineann leibhéil alcóil níos airde ná an teorainn sin agus ar shamplaí freisin nuair a rinneadh ráiteas EBT maidir le méid an alcóil san anáil a eisiúint ina leith cheana. B'ionann líon na samplaí in 2014 a anailísíodh le haghaidh láithreacht druga nó

drugaí agus 1,158 agus bhí 9 gceann bhreise neamhimleor maidir le réamhanailís le haghaidh drugaí. Lean an LBSB le samplaí a thástáil faoi 80mg/100ml san fhuil agus 107mg/100ml san fhual. Bhí 1,146 acu sa chatagóir sin agus bhí 11 acu níos airde ná sin agus rinneadh iad a thástáil ina dhiaidh sin tar éis iarratas ón nGarda Síochána. Bhí sampla amháin ann a rinneadh a thástáil le haghaidh alcóil agus EBT á úsáid a cuireadh isteach go díreach le haghaidh tástáil le haghaidh drugaí in 2014. As na 1,158 samplaí a rinneadh a thástáil fuarthas 695 acu (58%) le bheith dearfach le haghaidh aon aicme druga ar a laghad tar éis réamhthástáil le haghaidh drugaí, agus fuarthas 445 acu (42%) diúltach le haghaidh drugaí. Bhí 18 acu neamhimleor chun anailís iomlán a dhéanamh orthu.

B'ionann an réamhthástáil agus imdhíon-mheasúnacht agus is é sin tástáil lena bhfuiltear in ann láithreacht druga a bhrath i sreabhán bitheolaíoch trí antasubstaintí sainiúla a úsáid. Baineann anailísithe sa Bhiúró sé sin amach trí phacaí tráchtála atá ar fáil a úsáid.

Leanadh le hobair le linn 2014 ar réamhthástáil nua le haghaidh drugaí, rud lena ndéanfar cineál agus líon na ndrugaí lagaithe a leathnú a bhfuil an LBSB in ann tástáil a dhéanamh ina leith.



***Anailís Deimhniúcháin***
Déanann an Biúró tástáil deimhniúcháin le haghaidh láithreacht Cannaibionóideach i samplaí fola agus fuail agus le haghaidh láithreacht an aicme druga Beinsidhé-asaipín i samplaí fuail ag áitreabh an Bhiúró i COBÁC.

Baineann an Biúró úsáid as Crómatagrafaíocht Gháis le Mais-speictriméadracht nó as Crómatagrafaíocht Leachta in Éineacht le Mais-spectriméadracht Sraithe san anailís deimhniúcháin le haghaidh drugaí dá chuid. Leis na teicnící sin, ligtear do dheimhniú aonchiallach drugaí i sreabháin bhitheolaíocha. Cé go ndéanann an Biúró an chuid is mó de na hanailísí deimhniúcháin ag campas COBÁC (80%), shocraigh sé go ndéantar cuid den tástáil (20%) ag an LGC (Saotharlann Cheimiceoir an Rialtais) sa RA.

**Tábla 6**

**Achoimre na Tástála Deimhniúcháin**

| Aicme Druga | Líon na dTástálacha | Líon na nAnailítí | Arna bhfeidhmiú ag | % |
|---|---|---|---|---|
| **Cannabas** | **497** | **2** | **LBSB** | **70** |
| **Beinsidhé-asaipíní san Fhuil** | **71** | **27** | **LBSB** | **10** |
| **Beinsidhé-asaipíní san Fhual** | **55** | **25** | **LGC** | **7.8** |
| **Codlaidínigh** | **41** | **4** | **LGC** | **5.8** |
| **Cócaon** | **19** | **3** | **LGC** | **2.6** |
| **Meatadón** | **12** | **2** | **LGC** | **1.6** |
| **Amfataimín** | **8** | **2** | **LGC** | **1.1** |
| **Meitiolamfataimín** | **6** | **2** | **LGC** | **1.1** |
| **Líon Iomlán** | **709** | **42*** | | |


*Ní dhéantar anailítí le haghaidh Beinsidhé-asaipíní a chomhaireamh ach uair amháin chun an líon iomlán seo a ríomh

Mar is féidir a fheiceáil is é an tástáil is mó a rinneadh a sheachfhoinsiú agus an tástáil le haghaidh Beinsidhé-asaipíní san fhuil agus rinneadh an modh tástála sin a bhailíochtú ag deireadh 2014 ionas go mbeadh sé réidh le haghaidh úsáid oibríochtúil ag campas LBSB COBÁC ag tús 2015.

### *Torthaí na nAnailísí le haghaidh Drugaí*


Léirítear na torthaí nuair a rinneadh drugaí a bhrath leis an réamhthástáil le haghaidh drugaí sa chairt thíos. Mar is féidir a fheiceáil is é Cannabas an druga is mó leitheadúlacht agus Beinsidhé-asaipíní ina dhiaidh sin mar a tuairiscíodh roimhe seo.

**Leitheadúlacht Aicmí Drugaí bunaithe ar Réamhthástáil le haghaidh Drugaí**





Breathnaíodh brath drugaí lagaithe iolracha freisin sa sampla céanna arna thógáil ó thiománaithe, a tuairiscíodh roimhe seo bunaithe ar shonraí na réamhanailíse le haghaidh drugaí. San iomlán, fuarthas 53% de shamplaí a bhí dearfach sa réamhthástáil le haghaidh drugaí le bheith dearfach le haghaidh dhá aicme nó níos mó de dhrugaí. Tugtar méid na faidhbe sin chun suntais leis an gcairt thíos.

**Leitheadúlacht úsáid Drugaí Iolracha bunaithe ar Réamhthástáil le haghaidh Drugaí**





Is iad na comhcheangail is mó a dhéantar teagmháil leo agus na cinn atá in ord tosaíochta sa chairt thíos.

**Leitheadúlacht Chomhcheangal na nDrugaí lena ndéantar Teagmháil bunaithe ar Réamhthástáil le haghaidh Drugaí**



I gcás gach sampla, roghnaíodh aon druga amháin le haghaidh deimhnithe agus léirítear leis an gcairt thíos dáileadh na n-aicmí drugaí maidir le hanailís deimhniúcháin.

**Leitheadúlacht Aicmí na nDrugaí bunaithe ar Thástáil Deimhniúcháin**




***Tástáil Ceimiceán le haghaidh Drugaí Cois Bóthair***

In 2014 lean an grúpa Chur Chun Feidhme um Thástáil Ceimiceán le haghaidh Drugaí Cois Bóthair le buaileadh le chéile. Comhdhéanann ionadaithe ó Bhiúró Tráchta Náisiúnta an Gharda Síochána, an DTTAS agus an LBSB an grúpa.

***Taighde***

Tá drugaí agus tiomáint (DUID) fós ina ábhar is cúram don Rialtas go speisialta maidir le forfheidhmiú. Beidh an réimse iomlán maidir le scagthástáil cois bóthair ina dhúshláin don Bhiúró.

Mar gheall ar nádúr athraitheach na mí-úsáide drugaí tá gá leanúnach le monatóireacht a dhéanamh ar na drugaí arna mí-úsáid ag tiománaithe. Tá an LBSB gníomhach i bhforbairt modhanna nua atá dírithe ar chineál agus ar líon na ndrugaí lagaithe a mhéadú ar féidir iad a bhrath agus tá sé gníomhach freisin i modhanna atá ann a fheabhsú d'fhonn a chinntiú go bhfuil modhanna cothrom le dáta le forbairtí maidir le drugaí a bhrath.

## *An Clár um Alcól san Anáil*

Tá an clár seo faoi cheannas an Phríomh-Anailísí, an tUasal D. Reynolds. Is iad na príomhfheidhmeanna a bhaineann leis an gclár seo:

- Gairis a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil le haghaidh láithreacht alcóil san anáil a léiriú (gairis scagthástála anála cois bóthair)
- Gairis a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil le haghaidh tiúchan alcóil san anáil a dheimhniú (gairis tástála fianaisí ar anáil)
- Cúnamh saineolaíoch a sholáthar do na Cúirteanna agus don DTTAS.
- Cúrsaí oiliúna a sholáthar d'Oibreoirí agus do Mhaoirseoirí EvidenzerIRL.
- Sonraí a bhailiú agus a anailísiú maidir le tástálacha fianaiseacha le haghaidh alcól san anáil




### *Tástáil le haghaidh Alcól san Anáil Cois Bóthair*

Lean an Biúró le tacú le gairis leictreonacha Draeger 6510 arna n-eisiúint don Gharda Síochána i dtimpeall ar 346 Stáisiún an Gharda Síochána.



***Tástáil Fhianaiseach le haghaidh Alcól san Anáil***
Lean an Biúró le tacú leis na 86 ionstraim EvidenzerIRL i Stáisiúin an Gharda Síochána.

***Oiliúint***
Lean an Biúró le cúrsaí oiliúna a sholáthar d'Oibreoirí agus do Mhaoirseoirí i gcomhar leis an nGarda Síochána. Cúrsa aon lae go leith atá i gceist leis an gcúrsa seo a rinneadh a réadtiomnú chun Oibreoirí agus Maoirseoirí an Gharda Síochána a oiliúint le haghaidh an ionstraim EvidenzerIRL a úsáid.

Rinneadh na cúrsaí oiliúna a leanas a thionól le linn 2014:

- 14 Chúrsa Oiliúna d'Oibreoirí/Maoirseoirí
  (259 Oibreoirí agus 87 Maoirseoirí)

## Tábla 7

**Leibhéal Deimhnithe Alcóil san Anáil – Comparáid leis an mBliain Roimhe**

| µg. Alcóil in aghaidh 100ml Anála | 2014 | | 2013 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| 0 - 9 | 425 | 9.0% | 403 | 9.2% |
| 10 – 22 | 648 | 13.8% | 575 | 13.2% |
| 23-35 | 740 | 15.8% | 652 | 14.9% |
| | | | | |
| 36 – 44 | 466 | 9.9% | 474 | 10.8% |
| 45 – 66 | 1,224 | 6.1% | 1,081 | 24.7% |
| 67 & Níos Mó | 1,195 | 5.4% | 1,196 | 27.3% |

***Anailís ar Alcól san Anáil***

In 2014 rinneadh líon iomlán de 5,266 samplaí anála a thógáil i Stáisiúin an Gharda Síochána, agus is méadú sin de 4.7% ó 2013. Rinneadh 4,698 de na samplaí a dheimhniú; bhí 77.2% acu níos airde ná an teorainn dhlíthiúil de 22µg/100ml. As an líon iomlán de thástálacha anála a cláraíodh, ní raibh ráiteas ina thoradh ar 568 tástálacha faoi Alt 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre arna soláthar.

***Tástáil agus Cuairteanna ar Stáisiúin an Gharda Síochána***

Thug Eolaithe an Bhiúró cuairt agus rinne siad gach ionstraim a thástáil a suiteáladh roimhe sin i stáisiúin an Gharda Síochána ar dhá ócáid ar a laghad le linn 2014. Thug eolaithe an Bhiúró níos mó ná 210 cuairteanna ar láithreacha ionstraimí EBT ar fud na hÉireann le linn na bliana. Clúdaíodh tástáil agus cothabháil leis na cuairteanna sin agus is gné ríthábhachtach iad chun cáilíocht na dtástálacha le haghaidh alcól san anáil a dhearbhú chun críocha fianaiseacha.

***Meánleibhéal an Alcóil san Anáil***

B'ionann meánleibhéal an alcóil san anáil agus 46.9µg/100ml.

***Anailís Ama***

As lion iomlán na samplaí anála a fuarthas cuireadh 70.2% acu ar fáil idir na huaireanta 9.00 i.n. agus 6.00 r.n., cuireadh 12.8% acu ar fáil idir 4.00 r.n. agus 9.00 r.n., agus cuireadh an méid eile de 17 % idir 6.00 r.n. agus 4.00 i.n.

***Níos Mo ná Dhá Oiread Níos Airde ná an Teorainn de 22 µg /100ml (Anáil)***

Bhí 51.5% de na samplaí a cuireadh ar fáil níos mó ná dhá oiread níos airde ná an teorainn sin.

***Inscne maidir le Samplaí ó Thástáil Fhianaiseach ar Anáil***

Bhí lion na dtiománaithe fireannacha a raibh orthu samplaí anála a sholáthar thar a bheith níos mó ná líon na dtiománaithe baineannacha, agus an cóimheas idir mná agus fir comhionann le 7:1.

**Tábla 8**

**Próifíl Inscne na Samplaí – Anailís ar Alcól san Anáil**

| Inscne | 2014 | | 2013 | |
|---|---|---|---|---|
| Fireannach | 4,180 | 87.6% | 3,825 | 87.3% |
| Baineannach | 580 | 12.3% | 556 | 12.7% |
| Ní Luaitear | 0 | 0% | 0 | 0% |

**Tábla 9**

**Próifíl Aoise na Samplaí - Anailís ar Alcól san Anáil**

| Próifíl Aoise | 2014 | | 2013 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % |
| ≤ 24 | 828 | 17.6 | 826 | 18.9 |
| 25 – 44 | 2,620 | 55.8 | 2,395 | 54.7 |
| 45 – 54 | 701 | 14.9 | 666 | 15.2 |
| ≥55 | 548 | 11.7 | 488 | 11.1 |
| Ní Luaitear | 1 | 0 | 6 | 0.1 |

## Finné Gairmiúil

Is iad na réimsí a bhaineann le sábháilteacht um thrácht ar bhóithre a fhorfheidhmiú, agus go háirithe tiomáint faoi thionchar ábhar meisciúil (alcól agus drugaí araon), an réimse is mó dlíthíocht i bhfearann an dlí choiriúil in Éirinn. Bíonn an Biúró rannpháirteach maidir le comhairle a thabhairt i leith cásanna agus trí bhíthin na n-eolaithe dá chuid glacann sé páirt i gcásanna faoi bhráid na gCúirteanna. Le linn 2014 lean an Biúró le tacaíocht ó shaineolaithe gairmiúla neamhspleácha a sholáthar chun cuidiú leis na Cúirteanna an ceartas a riar. Sholáthair baill d'fhoireann an Bhiúró fianaise ghairmiúil shaineolaíoch i naoi gcás cúirte, a raibh dhá cinn acu bainteach le hanailís ar alcól san fhuil agus san fhual. B'ionann sé chás acu agus dúshláin dhlíthiúla maidir le tástáil fhianaiseach ar anáil agus bhain ceann amháin acu le hanailís ar dhrugaí.

## *Dearbhú Cáilíochta*

Choinnigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre an Creidiúnú ISO 17025 dá chuid in 2014 maidir leis na 4 réimse a leanas: Anailís ar alcól san fhuil agus san fhual; Anailís ar dhrugaí; Tástáil Fhianaiseach ar Anáil; agus Réamhtástáil ar Anáil dá bhfuil creidiúnú aige.

Rinneadh síneadh ar a raon feidhme a aimsiú go luath in 2013 chun Raon Feidhme Solúbtha a áireamh; ba é an chúis leis sin tástálacha nua ar dhrugaí a chur le raon feidhme creidiúnaithe an Bhiúró de réir mar a dhéantar iad a fhorbairt intí. Déantar liosta de thástálacha creidiúnaithe breise (LAAT) a choimeád mar chuid den phróiseas um raon feidhme solúbtha; cuireadh tástáil le haghaidh Beinsidhé-asaipín san fhuil leis an LAAT ag deireadh 2014. Is ionann deonú an raon feidhme solúbtha agus tiomna maidir leis an gcóras bainistíochta cáilíochta sármhaith atá i bhfeidhm sa Bhiúró.

## *Faisnéis Airgeadais*

Faigheann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chuid airgid ó Dheontas Bliantúil as an Vótáil le haghaidh na Roinne Iompair. B'ionann an leithdháileadh deontais iomlán don Bhiúró in 2014 agus €4,455,000. Ar feadh 2014 rinneadh monatóireacht bhuiséadach leanúnach cuimsitheach agus bhí coigilteas de €200,000 ag an mBiúró a cuireadh ar fáil don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh 2014.

## *Rialachas Corparáideach*

Oibríonn Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an Bord freagrach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Roinn Airgeadais. Tagann an Bord le chéile go rialta agus tá sé freagrach as bainistíocht cheart an Bhiúró. Déanann sé cinntí

straitéiseacha móra agus déanann sé athbhreithniú ar straitéis bainistíochta riosca an Bhiúró agus ar na próisis rialaithe ar bhonn bliantúil.

### *Comhaltaí an Bhoird*

Comhdhéantar Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuig chomhalta (agus an Stiúrthóir san áireamh) agus ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Bord.

| Ainm | Post | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| **An tOllamh Cecily Kelleher** | **Cathaoirleach** | **4 as 4** |
| **An tOllamh Denis Cusack** | **Comhalta an Bhoird agus Stiúrthóir** | **4 as 4** |
| **An tUasal Nicola Hayes** | **Comhalta an Bhoird** | **3 as 3** |
| **An tUasal Philip Joyce** | **Comhalta an Bhoird** | **4 as 4** |
| **An Dr Niall McNamara** | **Comhalta an Bhoird** | **3 as 4** |

### *Ballraíocht agus Cruinnithe an Bhiúró*

Le linn 2014 rinne an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ceithre chruinniú a thionól. Tionóladh na cruinnithe sin an 3 Aibreán 2014, 19 Meitheamh 2014, 24 Meán Fómhair 2014 agus 11 Mí na Nollag 2014.

### *Sceideal na dTáillí agus na Speansas Comhiomlán a Íocadh do Stiúrthóirí le linn 2014*

Le linn 2014 íocadh na táillí a leanas:

| Comhalta an Bhoird | CINEÁL NA TÁILLE | ÍOCTHA |
|---|---|---|
| **An tUasal Philip Joyce, Comhalta** | **Táille do chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin Bhoird Chomhlachtaí an Stáit** | **€5,985** |
| **An Dr Niall McNamara** | **Táille do chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin Bhoird Chomhlachtaí an Stáit** | **€5,985** |

***Comhlíontacht***
Tá áthas ar an mBord a thuairisciú gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre forálacha ábhartha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú sa bhliain dar dheireadh 31 Mí na Nollag 2014. Rinneadh iniúchadh inmheánach a chur chun feidhme.

***Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí***
Ní raibh aon leasanna ag comhaltaí an Bhoird a bhí in oifig ag 31 Mí na Nollag 2014 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

***An Coiste Iniúchta***
Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar aon ghné a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Oibríonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla. De ghnáth bíonn comhaltaí an Choiste i láthair ag cruinnithe agus déanann sé tuairisciú don Bhord ar bhonn leathbhliantúil.

***Iniúchadh Airgeadais Seachtrach***
Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais 2013 le linn 2014. Ní dhearnadh aon saincheisteanna suntasacha a ardú i gcúrsa an iniúchta.

***Iniúchadh Inmheánach***
Is gné ríthábhachtach í feidhm an iniúchta inmheánaigh maidir leis an mBord a chur ar an eolas faoi éifeachtacht chóras an rialaithe airgeadais inmheánaigh. Oibríonn an t-iniúchóir inmheánach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ullmhaíodh tuarascáil an Iniúchta Inmheánaigh maidir le 2014.

***Soláthar***
Is é córas tairisceana iomaíche an beartas normálta a úsáideann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sa phróiseas soláthair. Dearbhaítear leis gur chomhlíon sé nósanna imeachta soláthair agus Treoracha ábhartha ón AE de réir mar atá leagtha amach ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le linn 2014.

***Pleanáil Straitéiseach***
Rinne an Biúró an Plean Straitéiseach Bliantúil dá chuid do 2015 a thiomsú mar aon leis an bPlean Straitéiseach Cúig Bliana do 2015-2019 dá chuid agus cuireadh an dá phlean ar aghaidh chuig an Aire. Leagtar príomhchuspóirí an Bhiúró amach thar na blianta le teacht leis na Pleananna in éineacht lena phríomhghníomhaíochtaí chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Is féidir an dá straitéis a bhreathnú ar láithreán gréasáin an Bhiúró.

***Íocaíocht Phrap as Cuntas***
Admhaíonn an Bord go bhfuil freagracht aige maidir le comhlíontacht a chinntiú i dtaca leis an Acht um Íocaíocht Phrap as Cuntais. Faoi chomhaontú leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, íoctar soláthraithe sa chéad chéim ag an gColáiste agus ansin

déanann an Bord an Coláiste a aisíoc. Is é beartas an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chun a chinntiú go ndéantar gach sonrasc a íoc go prap. Tá riachtanas ar an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar comhlacht na hearnála poiblí, riachtanais an Achta a chomhlíonadh maidir le híocaíochtaí do sholáthraithe i dtaca le hearraí nó seirbhísí a sholáthar agus dá bhrí sin tá nósanna imeachta thar a bheith docht i bhfeidhm aige.

I gcás líon beag de sholáthraithe, nuair a faigheann an Biúró sonrasc déanann sé íocaíocht a eisiúint le seic go díreach chuig an soláthraí. Ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar leis na rialuithe maidir le próiseáil sonrasc, nótaí creidmheasa agus déileáil le hagóidí soláthraithe i gcoinne neamhchomhlíonadh ábharach an Achta.

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

### Freagracht maidir le Rialú Inmheánach

Ar son Chomhaltaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach a choimeád agus a oibriú.
Ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar leis an gcóras go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go ceart, agus go ndéantar earráidí ábharacha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a bhrath i dtréimhse thráthúil.

### Nósanna Imeachta Rialaithe Príomhúla

Leag an Biúró na nósanna imeachta príomhúla a leanas amach atá deartha chun rialú airgeadais inmheánach éifeachtach a sholáthar laistigh den Bhiúró. D'aontaigh an Biúró go bhfuil an Stiúrthóir agus an fhoireann freagrach as cúrsaí oibríochtúla. Déanann an Stiúrthóir tuairisciú don Bhord ag na cruinnithe dá chuid, agus rinneadh ceithre chruinniú dá leithéid a thionól in 2014.

Leag an Biúró amach na nósanna imeachta airgeadais agus na cleachtais tarmligin dá chuid d'fhonn timpeallacht rialaithe fhollasach a chinntiú atá oiriúnach do ghníomhaireacht leathstáit bheag. Tá Coiste Iniúchta ag an mBiúró chun tacú le dearbhú cáilíochta ar nósanna imeachta airgeadais. Rinne an Coiste dhá chruinniú a thionól in 2014 agus rinne sé iad a thuairisciú don Bhiúró.
Tá córas an rialaithe inmheánaigh ar airgeadas bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas, agus ar chóras tarmligin agus cuntasachta. Áirítear na nithe a leanas leis go háirithe:

Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a dhéantar a athbhreithniú agus a chomhaontú ag an mBiúró.
Athbhreithnithe rialta ag an mBiúró ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.

Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais oibríochtúil agus feidhmíocht eile a thomhas. Disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an mBiúró, a oibrítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú an Bhiúró ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh ar airgeadas a threorú ag obair an iniúchóra inmheánaigh, ag an gcoiste iniúchta agus ag feidhmeannas an Bhiúró ag a bhfuil an fhreagracht le haghaidh an creat de rialuithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ag tráchtanna a dhéanann an t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa tuarascáil dá chuid, de réir mar is infheidhme.

Déantar íocaíochtaí an Bhiúró do sholáthraithe (seachas na cinn a bhaineann le trealamh caipitil) agus íocaíochtaí tuarastal a phróiseáil ar a shon ag COBÁC. Íocann an Biúró COBÁC as an tseirbhís sin bunaithe ar chéatadán líon iomlán na n-íocaíochtaí a dhéantar.


**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**
Rinne an Biúró athbhreithniú ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh ar airgeadas dá chuid maidir le 2014 de réir na riachtanas.

An tOllamh Cecily Kelleher
Cathaoirleach

**Saoráil Faisnéise**
Le linn 2014 fuair an Biúró iarratas amháin agus pléadh leis ar shlí riaracháin taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise.

**Soláthar Foirne**
Lean an Biúró le linn 2014 chun oibriú laistigh dá líon foirne de réir an Chreat Rialaithe Fostaíochta.
Rinneadh athruithe ar an bhfoireann le linn na bliana tar éis daoine ag iarraidh as oifig agus imeacht ar scor an Uasail Pauline Levy, an tArd-Anailísí, agus an Uasail Kevin Lyons, Oifigeach Teicniúil Sinsearach agus thug an Bord agus a gcomhghleacaithe aitheantas don tseirbhís fhada dá gcuid.
Lean an fhoireann iomlán le solúbthacht a thaispeáint d'fhonn a chinntiú go ndearnadh gach clár a choimeád agus gur tugadh an cúnamh riachtanach do na tionscadail bhreise.

# Cairt Eagraíochta




- **PA** = Príomh-Anailísí
- **BC** = Bainisteoir Cáilíochta
- **OR** = Oifigeach Riaracháin
- **AS** = Anailísí Sinsearach
- **AN** = Anailísí
- **CFS** = Cúntóir Feidhm. Sins.
- **CF** = Cúntóir Feidhmiúcháin
- **OTS** = Oifigeach Teicniúil Sins.
- **OT** = Oifigeach Teicniúil
- **FS** = Freastalaí Saotharlainne
- **OTF** = Oifigeach TF
- **FFS** = Freast. Fáiltithe Sins.
- **FF** = Freastalaí Fáiltithe

**Comhdhálacha, Oiliúint & Láithreoireachtaí Seimineáir**

| |
|---|
| D'fhreastail triúr Anailísithe ar chúrsa aon lae go leith maidir le hOiliúint ar Ionstraim Agilent GCMSMS an 8 Eanáir 2014 sa LBSB. |
| D'fhreastail an tOifigeach TF ar chúrsa oiliúna cúig lá maidir le Riarachán an Bhunachair Sonraí Oracle (Modúl 1) ón 13 go 17 Eanáir 2014 i Castle River House, Baile Átha Cliath 2. |
| D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chruinniú agus ar chuairt ar láithreán de mhonarcha déantúsaíochta béalóg an 23 agus 24 Eanáir 2014 in Tibro, an tSualainn. |
| D'fhreastail an Stiúrthóir ar Lá Staidéir Acadúil de chuid Chumann Dlí-liachta na hÉireann an 25 Eanáir 2014 ag Caisleán Bhaile Átha Cliath. |
| D'fhreastail an tOifigeach TF ar chúrsa oiliúna cúig lá maidir le CompTIA Security + ón 27 go 31 Eanáir 2014 ag New Horizon, Baile Átha Cliath 1. |
| D'fhreastail an Bainisteoir Cáilíochta ar chúrsa oiliúna aon-lae maidir le Sármhaitheas i Scríobh Tuarascálacha an 11 Feabhra i mBaile Átha Cliath. |
| D'fhreastail an tOifigeach Teicniúil ar chúrsa oiliúna sé lá maidir le CompTIA Security + ón 24 Feabhra go 6 Márta 2014 in IACT, Baile Átha Cliath 2. |
| D'fhreastail an tOifigeach TF ar chúrsa oiliúna cúig lá maidir le Riarachán an Bhunachair Sonraí Oracle (Modúl 2) ón 24 go 28 Feabhra i Castle River House, Baile Átha Cliath 2. |
| D'fhreastail Príomh-Anailísí ar sheimineár aon lae maidir le Agilent MS an 25 Feabhra 2014 ag an tSaotharlann um Rialú Lotnaidicídí , Co. Chill Dara. |
| D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chúrsa oiliúna leathlae maidir le PowerPoint an 12 Márta 2014 i COBÁC. |
| D'fhreastail beirt Príomh-Anailísithe ar chúrsa oiliúna dhá uair do fhreastalaithe beáir an 18 Márta 2014 i LBSB. |
| D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chúrsa oiliúna trí lá maidir le hIonstraimíocht Nautilus a Chomhtháthú ón 18 go 20 Márta 2014 in Cheshire, Sasana. |
| D'fhreastail an Bainisteoir Cáilíochta ar chúrsa oiliúna leathlae maidir le Advanced Excel an 19 Márta 2014 i COBÁC. |
| D'fhreastail Anailísí ar chúrsa dhá lá maidir le hOiliúnóirí a Oiliúint an 19 agus 20 Márta 2014 i COBÁC. |

| |
|---|
| Rinne an Freastalaí Fáiltithe Sinsearach cúrsa aon lae maidir le hOiliúint um Fheasacht ar Legionella an 26 Marta 2014 ag an Óstán Carlton, Baile Átha Cliath. |
| D'fhreastail Anailísí ar chomhdháil IACT ón 6 go 11 Aibreán 2014 in California, SAM. |
| D'fhreastail beirt Anailísithe ar chúrsa oiliúna Borkenstein  cúig lá ón 7 go 11 Aibreán 2014 ag Ollscoil Ghlaschú, Albain. |
| D'fhreastail an Stiúrthóir ar Sheimineár Dlí-liachta leathlae maidir le Gortuithe Pearsanta an 5 Bealtaine 2014 ag an Óstán Conrad, Baile Átha Cliath. |
| D'fhreastail Príomh-Anailísí, Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar chomhdháil aon lae Chumann Mais-speictriméadrachta na hÉireann an 7 Bealtaine 2014 ag an Óstán Red Cow, Baile Átha Cliath. |
| D'fhreastail an Stiúrthóir ar Sheimineár aon lae de chuid Chumann Dlí-liachta na hÉireann, agus bhí sé ina aoi-chainteoir ann, an 17 Bealtaine 2014 i mBaile na hInse, Co, an Chláir. |
| D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chúrsa oiliúna maidir le Fabhtcheartú agus Deisiú Ríomhairí thar trí lá, an 19 agus 26 Bealtaine agus an 3 Meitheamh 2014 ag IACT, Baile Átha Cliath. |
| D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Fabhtcheartaithe HPLC & UHPLC aon lae an 28 Bealtaine 2014 ag an Óstán Glenroyal, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. |
| D'fhreastail Anailísí ar chúrsa aon lae maidir le LC-MS/MS do Chrómatagrafadóirí an 29 Bealtaine 2014 ag an Óstán Glenroyal, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. |
| D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chomhdháil TIAFT an 5 agus 6 Meitheamh 2014 in Ollscoil Ghlaschú, Albain. |
| D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chomhdháil trí lá Thermo Scientific Connects ón 9 go 11 Meitheamh in Barcelona, an Spáinn. |
| D'fhreastail an tOifigeach Teicniúil ar an gComhdháil aon lae um Fhorbairt Oifigeach Teicniúil an 17 Meitheamh 2014 i COBÁC. |
| D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Idirnáisiúnta, an 23ú Chruinniú um Míochaine - Alpe - Adria - Pannonia, thar trí lá ón 26 go 28 Meitheamh 2014 in Lausanne, an Eilvéis. |
| D'fhreastail an tOifigeach TF ar cheardlann HEANET DNS an 7 Iúil 2014 san IFSC, Baile Átha Cliath 1. |
| D'fhreastail Príomh-Anailísí agus beirt Anailísithe Sinsearacha ar chomhdháil UKIAFT an 28 |

| |
|---|
| agus 29 Lúnasa ag Ollscoil Leicester, Sasana. |
| D'fhreastail an tOifigeach TF ar chúrsa oiliúna maidir le Freastalaí Windows 2012 ón 8 go 12 Meán Fómhair 2014, ón 6 go 10 Deireadh Fómhair 2014 agus ón 20 go 24 Deireadh Fómhair 2014 ag New Horizon, Baile Átha Cliath 1. |
| D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chruinniú an Ghrúpa Oibre um OIML R126 agus Bailíochtú Bogearraí thar trí lá ón 23 go 25 Meán Fómhair i bPáras, an Fhrainc. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chéad lá an chruinnithe. |
| D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chruinniú leathlae de chuid Chumann Dlí-liachta na hÉireann, agus bhí sé ina aoi-chainteoir ann, an 25 Meán Fómhair 2014. |
| D'fhreastail Oifigeach Riaracháin Sinsearach agus Oifigeach Riaracháin ar Lá Faisnéise Ginearálta aon lae de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 25 Meán Fómhair 2014 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath. |
| D'fhreastail Oifigeach Riaracháin ar chúrsa aon lae maidir le Saoráil Faisnéise do Chinnteoirí an 30 Mean Fómhair 2014 ag an bhForas Riaracháin, Baile Átha Cliath. |
| I Mean Fómhair 2014 thosaigh Príomh-Anailísí agus Anailísí ar Dhioplóma in Eitnea-cógaseolaíocht do Thocsaineolaithe i COBÁC. |
| D'fhreastail beirt Anailísithe Sinsearacha ar chomhdháil SOFT ocht lá ón 17 go 24 Deireadh Fómhair in Michigan, SAM. |
| D'fhreastail an tArd-Anailísí, Anailísí Sinsearach agus Cúntóir Feidhmiúcháin ar dhá Sheisiún um Threoracha Paradigm an 4 agus 8 Samhain 2014 i LBSB. |
| D'fhreastail ceathrar Anailísithe, Oifigeach Riaracháin agus Cúntóir Feidhmiúcháin ar chúrsa oiliúna aon lae ar Scileanna Sheomra na Cúirte an 5 Samhain i LBSB. |
| D'fhreastail an tArd-Anailísí ar chomhdháil cúig lá de chuid Chumann Idirnáisiúnta na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha ón 9 go 13 Samhain 2014 in Buenos Aries, an Airgintín. |
| D'fhreastail ceathrar Anailísithe ar chúrsa oiliúna trí lá maidir LCMSMS Basic 4000 QTrap ón 11 go 13 Samhain 2014 i LBSB. |
| D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chruinniú de chuid Chumann Mais-Spectriméadrachta na hÉireann an 13 Samhain 2014 i mBaile Átha Cliath |
| D'fhreastail an Stiúrthóir, an tArd-Anailísí agus beirt Príomh-Anailísithe ar Chruinniú Náisiúnta leathlae arna eagrú ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir le |

| |
|---|
| Tiomáint Faoi Thionchar Drugaí an 25 Samhain 2014. |
| D’fhreastail Anailísí Sinsearach agus beirt Anailísithe (duine acu ina láithreoir) ar chomhdháil aon lae Chumann Tocsaineolaíochta na hÉireann an 28 Samhain 2014 i COBÁC. |
| D’fhreastail beirt Anailísithe Sinsearacha agus Anailísí ar chomhdháil aon lae maidir le Fianaise Ghairmiúil in Éirinn 2014 agus Níos Faide Anonn an 4 Mí na Nollag 2014 i gCaisleán Chluain Tairbh, mBaile Átha Cliath. |
| D’fhreastail an Freastalaí Saotharlainne ar chúrsa oiliúna ceithre huaire maidir le VWR Biomarke an 18 Mí na Nollag 2014 i COBÁC. |
| D’fhreastail Príomh-Anailísí ar cheithre chruinniú de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Dhrugaí agus Alcól an 7 agus 28 Feabhra 2014, an 29 Bealtaine agus 20 Samhain 2014 i mBaile Átha Cliath. |
| D’fhreastail Oifigeach Riaracháin agus beirt Chúntóirí Feidhmiúcháin ar chúrsa dhá uair i COBÁC maidir le Ríomhsholáthar an 12 Feabhra, an 21 Deireadh Fómhair agus 17 Mí na Nollag 2014 faoi seach. |

### Ídiú Fuinnimh

Faoi ghealltanas an Rialtais chun éifeachtúlacht fuinnimh phoiblí a fheabhsú faoi 33% faoi 2020 tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre cláraithe ar chóras ar líne SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) agus déanann sé tuairisciú tríd.

Is é ídiú leictreachais agus gáis úsáid fuinnimh phríomhúil an Bhiúró, rud atá riachtanach le haghaidh saotharlann fhóiréinseach a reáchtáil, m.sh. téamh agus soilsiú, trealamh saotharlainne, láimhseáil aeir, ríomhairí agus freastalaithe.

Thug an Biúró roinnt tionscnamh isteach d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Baintear úsáid as Córas Bainistíochta Foirgnimh (CBF) chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar théamh, aonaid láimhseála aeir, coire uisce (soláthar díreach uisce the) agus feananna aistarraingthe. Déantar gach ceann de cheithre urlár áitreabh an Bhiúró a bhainistiú ina n-aonar agus déantar uathrialuithe a sceidealú dá réir sin. Rinneadh bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh, braiteoirí gluaiseachta agus lasca ama a fheistiú ar fud an fhoirgnimh d'fhonn ídiú fuinnimh a laghdú a thuilleadh.

Faoi láthair tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre de réir sprice maidir leis an bhfeabhsú de 33% maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach faoi 2020.

### Séanadh Dlíthiúil

Tá na tuairiscí agus staitisticí laistigh den tuarascáil seo de nádúr comhdhlúite agus faisnéiseach ar bhonn ginearálta amháin. Níor cheart bheith ag brath orthu, agus orthu amháin, chun cearta dlí nó cinntí eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre. Tugtar comhairle do léitheoirí agus úsáideoirí aon fhaisnéis ar mian leo bheith ag brath uirthi a fhíorú leis na comhairleoirí dlí dá gcuid.

**An tOllamh Denis A. Cusack,**
**Stiúrthóir.**

**An tOllamh Cecily Kelleher,**
**Cathaoirleach.**